Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

# Ag Saibhriú na Gaeilge

## in Ardranganna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

cc BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

# Le nótáil: Dearadh na sleamhnáin seo le haghaidh Eispéireas Foghlama Gairmiúil aghaidh-ar-aghaidh. Ní léirítear ábhar iomlán an lae iontu.


CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

# Ionchais agus Forléargas



CC BY NC

# Ionchais



# Forléargas EFG


| | |
|---|---|
| **Seisiún 1** | • Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht<br>• Teanga an tSóisialaithe<br>• Cur Chuige Cumarsáideach<br>• Roghchlár d'Áiseanna |
| **Sos** | |
| **Seisiún 2** | • Ag dul ó Bhotún go Saibhreas<br>• CALP<br>• Saibhreas na Gaeilge<br>• Measúnú agus Plean Gnímh |
| **Lón** **Lón** 3:00 - 14:00 | |
| **Seisiún 3** | • Cur Chuige Uile Scoile<br>• Canúintí agus Logainmneacha<br>• Aistear Foghlama an Mhúinteora<br>• Acmhainní Teicneolaíochta |

# Seisiún 1

Faoi dheireadh an tseisiúin seo, beidh na rannpháirtithe tar éis:

- Dea-chleachtais i Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna Lán-Ghaeilge a aithint.
- Tuiscint a fháil ar BICS/CALP agus ar shealbhú teanga.
- Machnamh agus plé a dhéanamh ar theanga an tsóisialaithe agus ar ról an mhúinteora.
- Díriú ar an gCuraclam Teanga na Bunscoile, agus Measúnú agus Monatóireacht.
- Iniúchadh a dhéanamh ar áiseanna cluichí clóis.

# Deis Mhachnaimh




Céard a thagann chun cuimhne duit nuair a smaoiníonn tú ar na focail ‘cruinneas’ agus ‘saibhreas’ i nGaeilge?

Cad atá éifeachtach nó dúshlánach chun an Ghaeilge a chur chun cinn i do scoil féin?



# Comhthéacsanna Difriúla

Oide

*I gcás páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, déantar a dteanga a fhorbairt agus a shaibhriú ar scoil….Nuair nach cainteoirí dúchais Gaeilge iad na páistí, déantar iad a thumadh sa teanga agus an scoil ag cuidiú le líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht a mhéadú.*


(Sonraíocht Teanga 2025, lth.12)

*Is trí Ghaeilge a bhíonn rochtain ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge ar an gcuraclam freisin. Cé gurb í an Ghaeilge teanga oibre na scoile, aithnítear nach í teanga an bhaile í d'fhormhór na bpáistí….. is áit í an scoil ina mbaintear úsáid as teanga sa saol ó lá go lá.*


(Sonraíocht Teanga 2025, lth.12)

Oide

# Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht



# Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta







## SCÉIM AITHEANTAIS MAR SCOIL GHAELTACHTA

Critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta

| | |
|---|---|
| 1 | Clár lántumtha[1] dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn |
| 2 | Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge |
| 3 | Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge[2] chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge |
| 4 | Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: • a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus • a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta) |
| 5 | Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) |
| 6 | Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1[3] i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge |
| 7 | Acmhainní Gaeilge[4] a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla |
| 8 | Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge |
| 9 | Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta |
| 10 | Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile |
| 11 | Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (*naíonraí*) |
| 12 | Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge |
| 13 | Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta. |



# Céard is féidir le Scoileanna Lán-Ghaeilge (SLG) a fhoghlaim?

- Fís shoiléir á comhroinnt agus á daingniú do cheannairí ionscoile
- Spreag an dea-shampla ó mhúinteoirí agus daltaí, na daltaí eile
- Straitéisí dreasachta agus riail na Gaeilge in úsáid go héifeachtach
- Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge
- Dearcadh dearfach i leith na hamhránaíochta, na filíochta agus na drámaíochta

(Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, 2023)

# Am Léitheoireachta
# Leabhar Ceann Lámh

**Leabhar**

- Cad iad príomh phointí an ailt?

**Ceann**

- Cad iad na smaointe a spreag an t-alt ionat?

**Lámh**

- Cén tionchar atá ag an alt seo ar do chur chuige féin?

10



# BICS agus CALP



**BICS**

Gnáthchumarsáid shóisialta
i gcomhthéacs
Líofacht idir 1-3 bliana

**CALP**

Teanga acadúil
Comhthéacs teoranta
Líofacht idir 5-7 mbliana

# Teanga an tSóisialaithe Gaeilge sa Chlós





Cad iad na córais atá ann chun na daltaí a mhealladh agus a spreagadh i dtreo na Gaeilge?

An mbaintear leas as tobar teanga dhaltaí na n-ardranganna a úsáid am sosa agus am lóin chun cabhrú leis na naíonáin súgradh as Gaeilge, go háirithe ag tús na bliana?

(Beatha Teanga, 2025, lth.7)



# Rochtain ar an gCuraclam



# Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

| Curaclam Teanga na Bunscoile | | |
|---|---|---|
| **Gné:** | Cumarsáid | Tuiscint |
| **Snáithe:** | Teanga ó Bhéal | |
| **Toradh Foghlama:** | TF3: Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile | TF7: Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhaíochtaí |
| **Fócas na Foghlama Nua:** | Éisteacht agus labhairt go muiníneach agus go neamhspleách chun comhoibriú le daoine eile. | Roghanna pearsanta a chur in iúl |
| **Eispéireas Foghlama** | Cur Chuige Cumarsáideach<br>Cluichí Clóis | |

| Gné<br>Element | Teanga ó Bhéal<br>Oral Language | Léitheoireacht<br>Reading | Scríbhneoireacht<br>Writing |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid<br>Communicating | **Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird**<br>Engagement, listening and attention | **Rannpháirtíocht**<br>Engagement | **Rannpháirtíocht**<br>Engagement |
| | **Inspreagadh agus rogha**<br>Motivation and choice | **Inspreagadh agus rogha**<br>Motivation and choice | **Inspreagadh agus rogha**<br>Motivation and choice |
| | **Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile**<br>Social conventions and awareness of others | | |
| Tuiscint<br>Undertsanding | **Struchtúr abairte agus gramadach**<br>Sentence structure and grammar | **Gnásanna cló agus struchtúr abairte**<br>Conventions of print and sentence structure | **Gnásanna cló agus struchtúr abairte**<br>Conventions of print and sentence structure |
| | **Stór focal**<br>Vocabulary | **Stór focal**<br>Vocabulary | **Stór focal**<br>Vocabulary |
| | **Léiriú tuisceana**<br>Demonstration of understanding | **Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail**<br>Phonics, word recognition and word study | **Litriú agus staidéar ar fhocail**<br>Spelling and word study |
| | | **Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach**<br>Phonological and phonemic awareness | |
| Fiosrú agus úsáid<br>Exploring and using | **Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe**<br>Requests, questions and interactions | **Cuspóir, seánra agus guth**<br>Purpose, genre and voice | **Cuspóir, seánra agus guth**<br>Purpose, genre and voice |
| | **Catagóiriú**<br>Categorisation | **Tuiscint**<br>Comprehension | **Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs**<br>Writing process and creating text |
| | **Athinsint agus mionléiriú**<br>Retelling and elaboration | **Freagairt agus intinn an údair**<br>Response and author's intent | **Freagairt agus intinn an údair**<br>Response and author's intent |
| | **Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach**<br>Playful and creative use of language | **Líofacht agus féincheartú**<br>Fluency and self-correction | **Peannaireacht agus cur i láthair**<br>Handwriting and presentation |
| | **Eolas, míniú agus údar a thabhairt**<br>Information giving, explanation and justification | | |
| | **Cur síos, tuar agus machnamh**<br>Description, prediction and reflection | | |

(Sonraíocht Teanga, 2025, lth.23)

# Creatlach chun tacú le “Teanga an tSóisialaithe”

Fócas na Foghlama Nua

- Teanga an tSóisialaithe

Eispéireas Foghlama Spraíúil

- Cur Chuige Cumarsáideach

Measúnú agus Monatóireacht


- Ar an gclós



Oide

# Cur Chuige Cumarsáideach

- Tá an cur chuige lárnaithe san fhoghlaimeoir.
- Dírítear an cur chuige ar bhrí agus ar theachtaireachtaí.
- Tá an múinteoir ag múnlú agus ag athúsáid na teanga.
- Tá béim ar chumarsáid thaitneamhach, idirghníomhach.



primary developments

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE GAEILGE

## Ábhar Tacaíochta

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | LÉITHEOIREACHT | SCRÍBHNEOIREACHT | Céim 1 - Céim 4

### Sealbhú Teanga agus An Cur Chuige Cumarsáideach

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

***Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:***

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint a léiriú
- Athinsint agus mionléiriú
- Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach

**Sealbhú Teanga**

Moltar an Cur Chuige Cumarsáideach mar mhodh chun cumas sealbhaithe teanga na bpáistí a fhorbairt sa dara teanga. Tarlaíonn forbairt teanga sa Ghaeilge faoi stiúir an mhúinteora: ag am scéalaíochta, trí phlé, le rainn agus amhráin, trí shúgradh agus i gceachtanna atá teangadhírithe. Bíonn ar an múinteoir na scileanna éisteachta a fhorbairt leis an sealbhú teanga a fhorbairt. Is trí eiseamláiriú agus sealbhú teanga a bheidh na páistí réidh don tréimhse cumarsáide nó iarrachtaí an teanga a úsáid. Ba chóir go mbeadh forbairt le sonrú san fhoghlaim ar úsáid teanga. Bíonn ar an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar ábhar cainte, ráta cainte, comhréir na cainte ach le heiseamláir chuí agus go leor ionchur ón múinteoir beidh féinrialachán agus féincheartúchán le sonrú.

**Timpeallacht Chuí don Chumarsáid**

Is féidir an seomra ranga a eagrú le cumarsáid a spreagadh. Is féidir deis a thabhairt do na páistí bogadh ó áit go háit. Cuidíonn sé má aithníonn siad gach ceantar agus má bhíonn aontú ar a n-úsáid. Cuir lipéid nó fógraí in airde leis an seomra a eagrú.

**AN SEOMRA RANGA**

**Is féidir áit a chur ar fáil:**

don súgradh, m.sh. ealaín, uisce, gaineamh agus áiseanna cuí

don rólghlacadh, m.sh. siopa

do phuipéid, ceannaithe/déanta

don léitheoireacht, le leabhair, bréagáin agus frapaí

don scríbhneoireacht le réimse d'áiseanna scríbhneoireachta

le héisteacht le ceol, scéalta, rainn

do riachtanais forbartha teanga agus litearthachta do chuid páistí.

# An Cur Chuige Cumarsáideach

An Tréimhse Réamhchumarsáide

?

An Tréimhse Chumarsáide

?

An Tréimhse Iarchumarsáide

?

# Contanam dul chun Cinn

Oide

**Torthaí Foghlama don Teanga Ó Bhéal (T1)**

| Gné | Uimhir agus Lipéad | Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha<br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla ba cheart go mbeadh páistí in ann | Céim 2: Rang 1 agus Rang 2<br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann | Céim 3: Rang 3 agus Rang 4<br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann | Céim 4: Rang 5 agus Rang 6<br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann |
|---|---|---|---|---|---|
| Cumarsáid | 2. Inspreagadh agus rogha | Téacsanna a roghnú, éisteacht leo, freagairt dóibh, agus téacsanna a chruthú i réimse seánraí trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir agus spéise, agus i dteangacha éagsúla, nuair is cuí. LO2, S1+2 | | Téacsanna a roghnú, éisteacht leo, freagairt go criticiúil dóibh, agus téacsanna a chruthú i réimse seánraí trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir, spéise agus cuspóirí áirithe, agus i dteangacha éagsúla, nuair is cuí. LO2, S3+4 | |

**TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM**

| a<br>Gníomh an pháiste... | b<br>Gníomh an pháiste... | c<br>Gníomh an pháiste... | d<br>Gníomh an pháiste... | e<br>Gníomh an pháiste... | f<br>Gníomh an pháiste... | g<br>Gníomh an pháiste... | h<br>Gníomh an pháiste... | i<br>Gníomh an pháiste... | j<br>Gníomh an pháiste... | k<br>Gníomh an pháiste... |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baineann an páiste úsáid as gothaí gnúise, guthaíochtaí, gluaiseachtaí agus/nó gothaí chun freagairt do théacs(anna). | Léiríonn an páiste suim i dtéacsanna, baineann taitneamh astu, agus freagraíonn dóibh ag úsáid gothaí gnúise, guth, fuaimeanna agus gothaí coirp. | Éisteann an páiste le téacsanna, cruthaíonn téacsanna, agus glacann páirt i gcomhráite faoi thopaicí ar ábhair suime agus rogha pearsanta iad, ag úsáid abairtí bunúsacha agus friotail ilfhoclacha. | Glacann an páiste páirt i gcomhrá le daoine eile, roghnaíonn agus cruthaíonn téacsanna d'fhonn éisteacht leo i gcomhair pléisiúir agus iad ag éirí as ábhair suime pearsanta. | Cruthaíonn agus roghnaíonn an páiste téacsanna chun éisteacht leo, agus cuireann tús le comhráite le daoine eile d'fhonn teacht ar eolas faoi thopaic ar ábhar suime é agus an t-eolas sin a chomhroinnt. | Cuireann an páiste roghanna in iúl nuair a ghlacann sé páirt i gcomhráite agus nuair atá sé ag cruthú téacsanna agus ag éisteacht leo. | Aithníonn an páiste cuspóirí éagsúla chun téacsanna a chruthú, chun éisteacht leo agus chun páirt a ghlacadh i gcomhráite faoi ábhair suime phearsanta. | Cuireann an páiste tús le comhráite faoi ábhair suime phearsanta, agus coinníonn ar siúl iad.<br><br>Roghnaíonn téacsanna, éisteann leo, agus cruthaíonn téacsanna le haghaidh cuspóir áirithe. | Roghnaíonn an páiste agus cruthaíonn téacsanna, téann i dteagmháil leo le haghaidh cuspóirí áirithe, agus déanann na téacsanna seo a mheas agus cuspóir i gceist. | Cruthaíonn an páiste agus roghnaíonn téacsanna, bunaithe ar ábhair suime phearsanta agus le haghaidh cuspóirí áirithe.<br><br>Aithníonn an páiste cluastéacsanna agus téacsanna ó bhéal a shínfidh foclóir, eolas agus suimeanna. | Cruthaíonn an páiste, roghnaíonn agus measann téacsanna a éascóidh foghlaim trasna an churaclaim.<br><br>Measann an páiste na roghanna a rinneadh agus téacsanna á roghnú i gcomhair éisteachta nó le haghaidh cuspóir áirithe. |

# Cluichí Clóis Gníomhaíocht

| Grúpa 1 | Grúpa 2 | Grúpa 3 | Grúpa 4 |
|---|---|---|---|
| Spreag an Ghaeilge le Spraoi | Sosanna Spleodracha | An Cúntóir Teanga | Gníomhach sa Chlós Súgartha |
|   |   | An Cúntóir Teanga   |   |
| | | | |




# Cluichí Clóis Gníomhaíocht

| Grúpa 1 | Grúpa 2 | Grúpa 3 | Grúpa 4 |
|---|---|---|---|
| Spreag an Ghaeilge le Spraoi | Sosanna Spleodracha | An Cúntóir Teanga | Gníomhaíocht Neamh-theagmhálacha |
|  |  | An Cúntóir Teanga  |  |
| | | | |



# Cé atá freagrach as an mhonatóireacht?



Teanga - Cluichí Clóis

| Ceithre Chearnóg | Sacar |
|---|---|
| • Tóg do sheans<br>• Tá tú amuigh!<br>• Bhuail an liathróid an líne.<br>• Maith thú!<br>• Mí-ádh | • Cúl iontach/ Scór den scoth!<br>• Pasáil an liathróid/Tabhair dom an liathróid.<br>• Bhí trí sheans agaibh.<br>• Ná bí garbh!<br>• Tá an t-am caite (3 nóiméad).<br>• Maith thú!<br>• Mí-ádh |
| **Cispheil**<br>• 1,2,3 Go<br>• Ciseán iontach!<br>• Maith thú!<br>• Mí-ádh | **Scipeáil**<br>*Is leathsa an imirt, is leatsa an téad,*<br>*an bhfuil tú in ann comhaireamh chomh fada le céad?*<br>*Táim in ann comhaireamh chomh fada le cead.*<br>*A haon, a dó, a trí....* |

Foclóir eile:
- Cinnirí Spraoi
- Liathróidí
- Cóin

Cinnirí Spraoi?

Múinteoirí?

Rinne mé sáriarracht Gaeilge a labhairt ar an gclós inniu!

# Measúnú agus Monatóireacht

**MEASÚNÚ IOMASACH**

Neamhphleanáilte, neamhthaifeadta, agus leanúnach
Ní bhíonn a fhios ag na páistí de ghnáth go bhfuil siad á measúnú

**Sampla**
ceisteanna cuí a chur chun an fhoghlaim a scafláil; a bheith solúbtha agus freagrúil má bhíonn an chuma air go bhfuil míthuiscint ar pháiste

**IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ PLEANÁILTE**

Níos sofheicthe, b'fhéidir go mbeadh sé á thaifeadadh agus go mbeadh baint aige le Torthaí Foghlama/inniúlachtaí
B'fhéidir go mbeadh a fhios ag na páistí go bhfuil siad á measúnú nó b'fhéidir nach mbeadh

**Sampla**
iarraidh ar pháistí mapaí coincheap a thógáil chun a dtuiscint reatha ar thopaic a chur in iúl; píosa oibre a phlé le páiste


**IMEACHTAÍ MEASÚNAITHE**

Imeachtaí ar leith atá sofheicthe agus taifeadta
Bíonn a fhios ag na páistí de ghnáth go bhfuil siad á measúnú

**Sampla**
trialacha/tráth na gceist a chruthaíonn an múinteoir; measúnachtaí caighdeánaithe a cuireadh le chéile go seachtrach; measúnachtaí diagnóiseacha

Fíor 5: An contanam measúnaithe

**(Creatchuraclam na Bunscoile, 2023, lth.22)**



# Céard is féidir le SLG a fhoghlaim?

Oide

- Fís shoiléir á comhroinnt agus á daingniú do cheannairí ionscoile
- Spreag dea-shampla ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí do dhaltaí eile
- Straitéisí dreasachta agus riail na Gaeilge in úsáid go héifeachtach
- Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge
- Dearcadh dearfach i leith na hamhránaíochta, na filíochta agus na drámaíochta

(Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, 2023)


# Straitéisí Dreasachta

- Gaeilgeoir na Seachtaine
- Teastas Crochta
- Clár na bhFógraí
- Dalta na seachtaine
- Páiste Rúnda
- Moltaí eile?










(Spreag an Ghaeilge le Spraoi, lth.125)






# Príomhfhoghlaim Gníomhaíocht

1

Breac síos **do phríomhphointí foghlama** ó sheisiún 1.

2

Liostaigh aon **ghníomhartha** ar mhaith leat a chur i bhfeidhm i do scoil féin.


Oide

Ag Saibhriú na Gaeilge

in Ardranganna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Leabhrán Foghlama Gairmiúla

Oide

# Pas Éalaithe

Tóg Post-It agus scríobh síos na botúin is coitianta a chloiseann tú i do scoil féin.




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers